



---

*Uimhir 31 de 2015*

---

**An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2015**  
*[An tiontú oifigiúil]*

---





---

*Uimhir 31 de 2015*

---

**AN tACHT UM CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA (LEASÚ), 2015**  
*[An tiontú oifigiúil]*

---

**CLÁR AN ÁBHAIR**

Alt

1. Míniú
2. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht
3. Leasú ar alt 7 den Phríomh-Acht
4. Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht
5. Leasú ar alt 24 den Phríomh-Acht
6. Leasú ar alt 27 den Phríomh-Acht
7. Leasú ar alt 28 den Phríomh-Acht
8. Leasú ar alt 29 den Phríomh-Acht
9. Leasú ar alt 30 den Phríomh-Acht
10. Leasú ar alt 31 den Phríomh-Acht
11. Iarratais ar chlárú faoi alt 31 den Phríomh-Acht atá ar feitheamh
12. An fhaisnéis is gá chun nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil
13. Leasú ar alt 32 den Phríomh-Acht
14. Leasú ar alt 33 den Phríomh-Acht
15. Clárú a athnuachan faoi réir coinníollacha
16. Faisnéis i nochtadh grinnfhiosrúcháin a bheidh faighte faoi alt 33 a chomhroinnt
17. Coinníollacha a bheidh ag gabháil le clárú agus is infheidhme maidir le clárú a athnuachan
18. Leasú ar alt 34 den Phríomh-Acht
19. Leasú ar alt 35 den Phríomh-Acht
20. Leasú ar alt 42 den Phríomh-Acht

21. Leasú ar alt 43 den Phríomh-Acht
22. Faisnéis i nochtaí grinnfhiosrúcháin a úsáid i bhfiosrúchán faoi alt 43
23. Cionta - fiosrúchán painéil
24. Gearán a tharraingt siar
25. Leasú ar alt 44 den Phríomh-Acht
26. Leasú ar alt 45 den Phríomh-Acht
27. Fógra a thabhairt don Aire, don fhostóir agus do chomhlacht eile i dtaobh nithe áirithe a bhaineann le smachtbhannaí
28. Faisnéis a fhéadfaidh an Chomhairle a fhoilsiú ar mhaithe le leas an phobail
29. Leasú ar alt 47 den Phríomh-Acht
30. Leasú ar alt 60 den Phríomh-Acht
31. Leasú ar Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht
32. Leasú ar alt 24 den Acht Oideachais, 1998
33. Aisghairmeacha
34. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

[2015.]

*An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta  
(Leasú), 2015.*

[Uimh. 31.]

NA hACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Oideachais (Leasú), 2012 (Uimh. 14)

An tAcht Oideachais (Leas), 2000 (Uimh. 22)

An tAcht Oideachais, 1998 (Uimh. 51)

Na hAchtanna Oideachais, 1878 go 2012

An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 (Uimh. 11)

An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 (Uimh. 30)

An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 (Uimh. 47)

An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 (Uimh. 8)

Na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 go 2012





---

*Uimhir 31 de 2015*

---

## **AN tACHT UM CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA (LEASÚ), 2015**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

Acht do leasú an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001; do leasú an Achta Oideachais, 1998 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[27 Iúil 2015]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

### **Míniú**

1. San Acht seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

### **Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht**

2. Leasaítear alt 2 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Acht 1998’ an tAcht Oideachais, 1998;

ciallaíonn ‘Acht 2012’ an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012;

ciallaíonn ‘*Acht 2015’ an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2015;*

tá le ‘lárionad oideachais’ an bhrí chéanna atá leis in Acht 1998;

tá le ‘leanbh’ an bhrí chéanna atá leis in Acht 2012;

ciallaíonn ‘gearánach’ duine (lena n-áirítear an Chomhairle) a dhéanann gearán faoi fho-alt (1) nó faoi fho-alt (1D), de réir mar a bheidh, d’alt 42;

forléireofar ‘teagasc baile a sheachadadh’ de réir fho-alt (1A) (arna chur isteach le *halt 2(b) d’Acht 2015*);

tá le “Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda” an bhrí chéanna atá leis in Acht 2012;

ciallaíonn ‘nochtadh ó LAGG’ faisnéis ghrinnfhiosrúcháin i leith duine arna fáil ó Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda roimh thosach feidhme Acht 2012;

tá le ‘díobháil’ an bhrí chéanna atá leis in Acht 2012;

ciallaíonn ‘drochfheidhmíocht ghairmiúil’, i ndáil le múinteoir cláraithe, gur mhainnigh an múinteoir cláraithe na caighdeáin inniúlachta a chomhlíonadh (cibé acu maidir le heolas agus le hoilteacht nó maidir le heolas agus le hoilteacht a chur i bhfeidhm, nó maidir leo araon) ar féidir a bheith ag súil leo le réasún ó mhúinteoir cláraithe;

tá le ‘eagraíocht iomchuí’ an bhrí chéanna atá leis in Acht 2012;

tá le ‘faisnéis shonraithe’ an bhrí chéanna atá leis in Acht 2012;

tá le ‘nochtadh grinnfhiosrúcháin’ an bhrí chéanna atá leis in Acht 2012;

tá le ‘nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin’ an bhrí chéanna atá leis in Acht 2012;

tá le ‘duine soghonta’ an bhrí chéanna atá leis in Acht 2012.”,

(ii) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “painéal”:

“ciallaíonn ‘painéal’ painéal de chuid an Choiste Araíonachta ar painéal é arna bhunú faoi alt 43(3);”,

(iii) tríd an míniú ar “mí-iompar gairmiúil” a scríosadh,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) San Acht seo, aon tagairt do theagasc baile a sheachadadh, is tagairt í d’aon obair nó d’aon ghníomhaíocht arb éard í duine do sholáthar teagasc baile de bhun scéim arna riaradh agus arna maoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ar a dtugtar an Scéim um Theagasc Baile.”.

### Leasú ar alt 7 den Phríomh-Acht

3. Leasaítear alt 7 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(ba) nochtaí grinnfhiosrúcháin a fháil nó glacadh le nochtaí grinnfhiosrúcháin chun na gríoch a leagtar amach san Acht seo, chun críoch a ról mar eagraíocht iomchuí nó chun críoch a ról mar eagraíocht iomchuí atá ionadaitheach d’eagraíocht iomchuí eile chun críocha na nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin faoi Acht 2012;”,

agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (n):



“(n) gníomhú mar údarás inniúil de réir bhrí Rialachán 2(1) de na Rialacháin um Cháilíochtaí Gairmiúla a Aithint (Treoir 2005/36/CE), 2008 (I.R. Uimh. 139 de 2008);”

agus

(b) i bhfo-alt (3)—

(i) i mír (b), trí “den sórt sin,” a chur in ionad “den sórt sin, agus”,

(ii) i mír (c), trí “araon, agus” a chur in ionad “araon.”, agus

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) beidh aird aici ar an ngá atá ann leanaí agus daoine soghonta a chosaint.”.

#### **Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht**

**4.** Leasaítear alt 8(2) den Phríomh-Acht—

(a) i mír (c)—

(i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iii):

“(iii) Institiúid Oideachais Marino;”,

agus

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iv):

“(iv) Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad;”,

agus

(b) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (d):

“(d) 2 dhuine a bheidh ainmnithe ag na comhlachtaí seo a leanas i gcomhpháirt:

(i) an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha;

(ii) Ollscoil na hÉireann, Corcaigh;

(iii) Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath;

(iv) Ollscoil na hÉireann, Gaillimh;

(v) Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad;

(vi) Ollscoil Bhaile Átha Cliath;

(vii) Ollscoil Luimnigh;

(viii) Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath;

(ix) Coláiste Oideachais San Aingeal, Sligeach;

- (x) cibé comhlachtaí eile, a sholáthraíonn oideachas agus oiliúint ollscoile nó ardoideachas agus ardoiliúint eile, a chinnfidh an Chomhairle.”.

#### Leasú ar alt 24 den Phríomh-Acht

##### 5. Leasaítear alt 24 den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Chun a fheidhm faoi alt 43(1) a chomhall, suífidh an Coiste Araíonachta ina rannáin de féin (a ngairtear ‘painéal’ de gach rannán san Acht seo) arna mbunú faoi fho-alt (3) den alt sin.”.

agus

- (b) i bhfo-alt (6), trí “(seachas an Coiste Feidhmiúcháin nó an Coiste Imscrúdúcháin)” a chur in ionad “(seachas an Coiste Feidhmiúcháin, an Coiste Imscrúdúcháin nó an Coiste Araíonachta)”.

#### Leasú ar alt 27 den Phríomh-Acht

##### 6. Leasaítear alt 27 den Phríomh-Acht trí fho-alt (4) a aisghairm.

#### Leasú ar alt 28 den Phríomh-Acht

##### 7. Leasaítear alt 28 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (2)—

(i) trí mhír (a) a scriosadh, agus

(ii) i mír (b), trí “8 gcomhalta” a chur in ionad “7 gcomhalta”,

agus

- (b) trí fho-alt (3) agus trí fho-alt (4) a aisghairm.

#### Leasú ar alt 29 den Phríomh-Acht

##### 8. Leasaítear alt 29 den Phríomh-Acht—

- (a) i mír (a) d’fho-alt (3)—

(i) trí “maidir le gach duine atá cláraithe nó atá i dteideal a bheith cláraithe” a chur in ionad “maidir le gach duine atá i dteideal a bheith cláraithe”,

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iv):

“(iv) an bhfuil an clárú faoi réir coinníollacha faoi alt 31 (arna leasú le *halt 10 d’Acht 2015*), alt 33 (arna leasú le *halt 14 d’Acht 2015*) nó alt 44 (arna leasú le *halt 25 d’Acht 2015*);”.

(iii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (vii):

“(vii) ainm agus seoladh an fhostóra más eol don Chomhairle iad;”.

(iv) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (x):

“(x) torthaí aon imeachtaí araíonachta faoi Chuid 5, lena n-áirítear aon bhearta arna ndaingniú ag painéal faoi alt 44(1A), agus an tréimhse ar lena linn a fhágfar an fhaisnéis sin ar an gelár;”

agus

(v) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (x):

“(xi) an fhaisnéis arna nochtadh sa nochtadh grinnfhiosrúcháin is déanaí agus atá i seilbh na Comhairle i leith an duine;”

(b) i bhfo-alt (4), trí “Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt in aon achtachán nó riail dlí lena dtoirmisctear faisnéis a nochtadh, foilseoidh an Chomhairle” a chur in ionad “Foilseoidh an Chomhairle”, agus

(c) i bhfo-alt (6), trí “Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt in aon achtachán nó riail dlí lena dtoirmisctear faisnéis a nochtadh agus faoi réir cibé táille” a chur in ionad “Coinneofar an clár in oifigí na Comhairle agus, faoi réir cibé táille”.

#### **Leasú ar alt 30 den Phríomh-Acht**

9. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 30 (arna leasú le halt 8 den Acht Oideachais (Leasú), 2012)—

##### **“Múinteoir a fhostú i scoil aitheanta**

30. Faoi réir fho-alt (8) d’alt 24 (arna chur isteach le halt 6 den Acht Oideachais (Leasú), 2012) d’Acht 1998, fho-alt (22) d’alt 33 (arna leasú le *halt 14 d’Acht 2015*), fho-alt (6A) (arna chur isteach le *halt 25(g) d’Acht 2015*) d’alt 44 agus fho-alt (3A) (arna chur isteach le *halt 29 d’Acht 2015*) d’alt 47, aon duine atá fostaíthe mar mhúinteoir i scoil aitheanta ach—

(a) nach múinteoir cláraithe é nó í, nó

(b) atá arna bhaint nó arna baint den chlár nó arna fhionraí nó arna fionraí ón gelár faoi Chuid 5,

ní thabharfar luach saothair dó nó di i leith a fhostaíochta nó a fostaíochta as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.”

#### **Leasú ar alt 31 den Phríomh-Acht**

10. Leasaítear alt 31 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (5)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) an fhianaise dhoiciméadach agus an fhianaise eile a fhéadfaidh an Chomhairle a iarraidh chun iarratas ar chlárú a chinneadh, lena n-áirítear an fhianaise dhoiciméadach agus an fhianaise eile chun a chumasú don Chomhairle a dheimhniú di féin gur duine cuí oiriúnach duine lena chur nó lena cur ar an gelár;”

agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) aon cheanglais eile a bheidh le comhlíonadh chun múinteoir a chlárú, ar ceanglais iad a bhféadfaidh ceanglais a bhaineann leis na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh iontu—

(i) cáilíochtaí,

(ii) taithí mhúinteoireachta, agus

(iii) feidhmiúlacht ó thaobh sláinte de;”,

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(5A) Féadfaidh an Chomhairle nochtadh grinnfhiosrúcháin a lorg i leith duine a dhéanfaidh iarratas ar chlárú faoin alt seo.

(5B) Ní chláróidh an Chomhairle duine a dhéanfaidh iarratas faoi fho-alt (1) mura rud é—

(a) go bhfaighidh an Chomhairle nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith an duine, agus

(b) gur deimhin leis an gComhairle gur duine cuí oiriúnach an duine lena chur nó lena cur ar an glár, tar éis di na nithe seo a leanas a bhreithniú—

(i) faoi réir fho-alt (5C), an fhaisnéis atá sa nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith an duine sin,

(ii) aon aighneachtaí a dhéanfaidh an duine faoi fho-alt (5D), agus

(iii) aon fhianaise dhoiciméadach agus aon fhianaise eile a bheidh curtha ag an duine sin faoi bhráid na Comhairle chuige sin de réir ceanglais (más ann) a fhorordófar faoi fho-alt (5)(b).

(5C) I gcás go bhfuil faisnéis shonraithe i nochtadh grinnfhiosrúcháin a bheidh faighte ag an gComhairle faoin alt seo i leith duine agus go mbaineann an fhaisnéis shonraithe le hiompar an duine a tharla roimh theacht i ngníomh *d’alt 10 d’Acht 2015*, ní ceadmhach don Chomhairle an fhaisnéis sin a bhreithniú chun críocha fho-alt (5B)(b) mura rud é gur chion coiriúil a bheadh san iompar lena mbaineann an tráth a tharla an t-iompar.

(5D) I gcás go bhfuil faisnéis dá dtagraítear in alt 14(4)(a) d’Acht 2012 i nochtadh grinnfhiosrúcháin a bheidh faighte ag an gComhairle faoin alt seo i leith duine agus go measfaidh an Chomhairle go bhfuil an fhaisnéis sin a bheidh nochtta iomchuí maidir lena breithniú i dtaobh an duine cuí oiriúnach lena chlárú nó lena clárú mar mhúinteoir faoin alt seo an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh aige nó aici faoi fho-alt (1), tabharfaidh an Chomhairle fógra dá réir sin don duine sin agus tabharfaidh sí cuireadh don duine sin aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig an gComhairle i ndáil leis an nochtadh laistigh de cibé tréimhse ama a shonrófar san fhógra.

(5E) Féadfaidh an Chomhairle fianaise a lorg ar an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh aige nó aici faoi fho-alt (1), nó ar aon duine iomchuí eile,

chun aon chuid den fhaisnéis a bheidh curtha faoi bhráid na Comhairle ag an duine a bhfuil an t-iarratas sin á dhéanamh aige nó aici a fhíorú chun críoch clárúcháin de réir an ailt seo.”

agus

(c) i bhfo-alt (6), trí “Maidir leis an gComhairle” a chur in ionad “Féadfaidh an Chomhairle”—

(i) i mír (a), trí “féadfaidh sí” a chur isteach roimh “diúltú”—

(I) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (i):

“(ia) nach ndearna sé nó sí dearbhú toilithe nó aon fhaisnéis eile a cheanglaítear de réir alt 31A (arna chur isteach le *halt 12 d’Acht 2015*) a sholáthar,”

agus

(II) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

“(ii) an tráth a dhéanfaidh an Chomhairle a cinneadh—

(I) go bhfuil an duine arna bhaint nó arna baint den chlár faoi Chuid 5 agus nach bhfuil sé nó sí i dteideal iarratas a dhéanamh lena chur nó lena cur ar ais ar an gclár faoin alt seo, nó

(II) go bhfuil an duine arna fhionraí nó arna fionraí ón gclár faoi Chuid 5 agus nach bhfuil an tréimhse fionraí dulta in éag, nó”

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) diúltóidh sí duine a chlárú i gcás nach deimhin léi gur duine cuí oiriúnach é nó í lena chur nó lena cur ar an gclár,”

agus

(iii) i mír (b), trí “féadfaidh sí duine a chlárú faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a mheasfaidh an Chomhairle is cuí” a chur in ionad “duine a chlárú faoi réir coinníollacha”.

### **Iarratais ar chlárú faoi alt 31 den Phríomh-Acht atá ar feitheamh**

**11.** Más rud é, roimh theacht i ngníomh *d’alt 10*, go mbeidh iarratas ar chlárú déanta faoi alt 31(1) den Phríomh-Acht ach, ar theacht i ngníomh don alt sin, nach mbeidh aon chinneadh déanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta i leith an iarratais, leanfar den iarratas sin faoi alt 31 den Phríomh-Acht arna leasú le *halt 10* agus beidh feidhm dá réir sin ag forálacha alt 31 arna leasú le *halt 10*.

### **An fhaisnéis is gá chun nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil**

**12.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 31:

#### **“An fhaisnéis is gá chun nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil**

**31A.** I gcás go ndéanfaidh duine iarratas ar chlárú faoi alt 31, soláthróidh sé nó sí don Chomhairle dearbhú toilithe (de réir bhrí Acht 2012) agus aon

fhaisnéis eile a theastóidh ón gComhairle chun a chumasú di nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil i leith an duine.”.

**Leasú ar alt 32 den Phríomh-Acht**

13. Leasaítear alt 32 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) I gcás nach ndéanfaidh duine aon choinníoll arna fhorchur faoi alt 31(8) (b)(i) a chomhlíonadh, déanfar é nó í a bhaint den chlár.”.

**Leasú ar alt 33 den Phríomh-Acht**

14. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 33 (arna leasú le halt 9 den Acht Oideachais (Leasú), 2012):

**“Clárú a athnuachan**

33. (1) Faoi réir fho-alt (13), beidh clárú bailí ar feadh 12 mhí ón dáta clárúcháin.
- (2) Féadfaidh an Chomhairle rialacháin a dhéanamh chun clárú múinteoirí cláraithe a athnuachan, agus déanfar foráil leo maidir le gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas, ach ní gá go mbeidh siad teoranta dóibh:
- (a) an fhoirm ina ndéanfar agus an modh ar a ndéanfar iarratas ar athnuachan;
  - (b) an fhianaise dhoiciméadach agus an fhianaise eile a fhéadfaidh an Chomhairle a iarraidh chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh iarratas ar chlárú a athnuachan;
  - (c) an fhianaise dhoiciméadach agus an fhianaise eile a fhéadfaidh an Chomhairle a iarraidh chun a chumasú don Chomhairle a dheimhniú di féin, chun críocha fho-alt (8), gur duine cuí oiriúnach múinteoir cláraithe chun a chlárú nó a clárú a athnuachan;
  - (d) aon cheanglais eile a bheidh le comhlíonadh chun clárú a athnuachan, a bhféadfaidh ceanglais a bhaineann leis na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh iontu—
    - (i) cláir oideachais leanúnaigh agus oiliúna leanúnaí arna gcreidiúnu faoi alt 39 a bheith críochnaithe go sásúil,
    - (ii) taithí mhúinteoireachta, nó
    - (iii) feidhmiúlacht ó thaobh sláinte de.
- (3) Féadfaidh múinteoir cláraithe iarratas a dhéanamh chun a chlárú nó a clárú a athnuachan faoin alt seo ar feadh tréimhse bhreise 12 mhí.
- (4) (a) Faoi réir mhír (b), déanfar iarratas ar chlárú a athnuachan sula rachaidh tréimhse bhailíochta an chláraithe in éag agus beidh an táille athnuachana ag gabháil leis an iarratas.
- (b) Más rud é, de réir fho-alt (5), go dtabharfaidh an Chomhairle fógra do mhúinteoir cláraithe á rá go bhfuil beartaithe aici nochtadh

grinnfhiosrúcháin a lorg ina leith chun a chlárú nó a clárú a athnuachan, déanfaidh an múinteoir an fógra sin a chomhlíonadh laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír (d) den fho-alt sin.

- (5) (a) Féadfaidh an Chomhairle nochtadh grinnfhiosrúcháin a lorg i leith múinteoir cláraithe chun clárú an mhúinteora a athnuachan de réir an ailt seo.
- (b) Tabharfaidh an Chomhairle fógra i scríbhinn do mhúinteoir cláraithe i gcás go bhfuil beartaithe ag an gComhairle nochtadh grinnfhiosrúcháin a lorg i leith an mhúinteora chláraithe faoi mhír (a), agus maidir leis an bhfógra—
- (i) iarrfar ann ar an múinteoir cláraithe dearbhú toilithe (de réir bhrí Acht 2012) agus aon fhaisnéis eile a sholáthar don Chomhairle, is faisnéis a bheidh sonraithe san fhógra agus a theastóidh ón gComhairle chun a chumasú di nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil i leith an mhúinteora sin,
- (ii) sonrófar ann an tréimhse ama ar lena linn a chomhlíonfaidh an múinteoir cláraithe iarraidh faoi fhómhír (i) agus an fhoirm ina dtabharfar agus an modh ar a dtabharfar an fhaisnéis a bheidh iarrtha faoin bhfómhír sin,
- (iii) cuirfear in iúl ann don mhúinteoir cláraithe go bhfuil beartaithe ag an gComhairle an nochtadh grinnfhiosrúcháin a bhreithniú chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an duine cuí oiriúnach é nó í, de réir fho-alt (8), chun a chlárú nó a clárú a athnuachan ar an gcéad athnuachan eile aige nó aici faoin alt seo,
- (iv) cuirfear in iúl ann don mhúinteoir cláraithe go bhféadfaidh an Chomhairle diúltú clárú an mhúinteora sin a athnuachan faoin alt seo mura ndéanfaidh sé nó sí an iarraidh faoi fhómhír (i) a chomhlíonadh laistigh den tréimhse ama a shonraítear faoi fhómhír (ii) agus mura mbeidh an Chomhairle in ann cinneadh a dhéanamh gur duine cuí oiriúnach é nó í chun a chlárú nó a clárú a athnuachan, agus
- (v) cuirfear in iúl ann don mhúinteoir cláraithe go bhféadfaidh an Chomhairle, ag féachaint don fhaisnéis atá sa nochtadh grinnfhiosrúcháin, i gcás gur deimhin léi gur ar mhaithe le leas an phobail déanamh amhlaidh, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt faoi alt 47 ar ordú go ndéanfar a chlárú nó a clárú a fhionraí le linn na tréimhse a bheidh sonraithe san ordú.
- (c) Maidir le fógra a eiseofar faoi mhír (b), eiseofar é—
- (i) tráth nach luaithe ná 10 mí roimh an dáta a rachaidh an tréimhse bhailíochta do chlárú an mhúinteora sin in éag, nó
- (ii) laistigh de cibé tréimhse is giorra ná sin a threoróidh an tAire i leith gach fógra a thabharfar do mhúinteoirí cláraithe faoin mír sin.
- (d) Sonrófar i bhfógra ón gComhairle faoi mhír (b) an tréimhse ar lena linn a chomhlíonfar an fógra, ar tréimhse í a bheidh mar an gcéanna

do na múinteoirí cláraithe go léir a n-eiseofar fógra chucu de réir an fho-ailt seo.

- (6) Le linn don Chomhairle breithniú a dhéanamh i dtaobh an ndéanfaidh sí nochtadh grinnfhiosrúcháin a lorg faoi fho-alt (5) i leith múinteoir cláraithe, beidh aird aici ar na nithe seo a leanas—
- (a) an raibh nochtadh ó LAGG faighte ag an gComhairle roimhe sin i leith an mhúinteora sin,
  - (b) i gcás go raibh nochtadh ó LAGG faighte ag an gComhairle roimhe sin i leith an mhúinteora sin, an tréimhse ama atá caite ón tráth a fuair an Chomhairle an nochtadh deireanach ó LAGG i leith an mhúinteora sin,
  - (c) an raibh nochtadh grinnfhiosrúcháin faighte ag an gComhairle roimhe sin i leith an mhúinteora sin,
  - (d) i gcás go raibh nochtadh grinnfhiosrúcháin faighte ag an gComhairle roimhe sin i leith an mhúinteora sin, an tréimhse ama atá caite ón tráth a fuair an Chomhairle an nochtadh grinnfhiosrúcháin deireanach i leith an mhúinteora sin, agus
  - (e) i gcás go raibh nochtadh grinnfhiosrúcháin breithnithe ag an gComhairle roimhe sin i leith múinteora chun críoch clárúcháin nó chun clárú a athnuachan faoin Acht seo, aon tréimhsí a fhorordaítear faoi alt 20 d’Acht 2012.
- (7) I gcás go ndéanfaidh an Chomhairle nochtadh grinnfhiosrúcháin a lorg faoi fho-alt (5) i leith múinteoir cláraithe agus go mbeidh sa nochtadh faisnéis shonraithe a bhaineann le hiompar an mhúinteora a tharla roimh theacht i ngníomh *d’alt 14 d’Acht 2015*, ní ceadmhach don Chomhairle an fhaisnéis sin a bhreithniú chun críocha fho-alt (8) mura rud é gur chion coiriúil a bheadh san iompar lena mbaineann an tráth a tharla an t-iompar.
- (8) I gcás go bhfaighidh an Chomhairle nochtadh grinnfhiosrúcháin faoin alt seo i leith múinteoir cláraithe, déanfaidh an Chomhairle, chun a dheimhniú di féin gur duine cuí oiriúnach an múinteoir cláraithe chun a chlárú nó a clárú a athnuachan, na nithe seo a leanas a bhreithniú—
- (a) faoi réir fho-alt (7), an fhaisnéis atá sa nochtadh,
  - (b) aon aighneachtaí a dhéanfaidh an múinteoir cláraithe faoi fho-alt (9), agus
  - (c) aon fhianaise dhoiciméadach agus aon fhianaise eile a bheidh curtha ag an múinteoir cláraithe sin faoi bhráid na Comhairle de réir ceanglais (más ann) a fhorordófar faoi fho-alt (2)(c).
- (9) Faoi réir fho-alt (14)(b), i gcás go bhfuil faisnéis dá dtagraítear in alt 14(4)(a) d’Acht 2012 i nochtadh grinnfhiosrúcháin a bheidh faighte ag an gComhairle faoin alt seo i leith múinteoir cláraithe agus go measfaidh an Chomhairle go bhfuil an fhaisnéis sa nochtadh sin iomchuí maidir lena breithniú i dtaobh an duine cuí oiriúnach an múinteoir chun a chlárú nó a clárú a athnuachan faoin alt seo, tabharfaidh an Chomhairle fógra dá réir



sin don mhúinteoir sin agus tabharfaidh sí cuireadh dó nó di aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuici i ndáil leis an nochtadh sin laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san fhógra.

- (10) Féadfaidh an Chomhairle fianaise a lorg ar an múinteoir cláraithe, nó ar aon duine iomchuí eile, chun aon chuid den fhaisnéis a bheidh curtha faoi bhráid na Comhairle ag an múinteoir cláraithe a fhíorú chun clárú a athnuachan de réir an ailt seo.
- (11) Beidh éifeacht leis an téarma athnuachana do chlárú ón tráth a rachaidh an clárú roimhe sin in éag.
- (12) Ar iarratas ar chlárú a athnuachan agus an táille fhorordaithe a fháil, déanfaidh an Chomhairle, a luaithe is indéanta, admháil a chur chuig an múinteoir cláraithe á rá go bhfuarthas an táille.
- (13) Más rud é, in imthosca eisceachtúla, d'ainneoin gur chomhlíon múinteoir cláraithe fógra faoi fho-alt (5)(b) laistigh den tréimhse ama a bheidh sonraithe san fhógra—
- (a) nach mbeidh nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith an mhúinteora sin faighte ag an gComhairle sula rachaidh an tréimhse bhailíochta do chlárú an mhúinteora sin in éag, nó
- (b) go mbeidh nochtadh grinnfhiosrúcháin lena mbaineann fo-alt (9) faighte ag an gComhairle ach nach mbeidh dóthain ama aici sula rachaidh an tréimhse bhailíochta do chlárú an mhúinteora sin in éag chun aighneachtaí dá dtagraítear san fho-alt sin a lorg,
- ní bhainfear ainm an mhúinteora sin den chlár go dtí go ndéanfaidh an Chomhairle cinneadh faoi fho-alt (16) de réir fho-alt (14).
- (14) (a) I gcás go mbeidh nochtadh grinnfhiosrúcháin dá dtagraítear i mír (a) d'fho-alt (13) faighte agus nach bhfuil faisnéis dá dtagraítear i bhfo-alt (9) sa nochtadh, déanfaidh an Chomhairle cinneadh faoi fho-alt (16) laistigh de 21 lá tar éis an nochtadh sin a fháil.
- (b) Más rud é—
- (i) go mbeidh nochtadh grinnfhiosrúcháin dá dtagraítear i mír (a) d'fho-alt (13) faighte agus go bhfuil faisnéis dá dtagraítear i bhfo-alt (9) sa nochtadh, nó
- (ii) go mbeidh feidhm ag mír (b) d'fho-alt (13),
- déanfaidh an Chomhairle, laistigh de 21 lá tar éis an nochtadh sin a fháil, fógra a thabhairt don mhúinteoir cláraithe de réir fho-alt (9) agus is é 21 lá an tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra dá dtagraítear san fho-alt sin agus déanfaidh an Chomhairle cinneadh faoi fho-alt (16) laistigh de 21 lá tar éis dul in éag don tréimhse ar lena linn a dhéanfaidh an múinteoir sin aighneachtaí.
- (15) (a) I gcás nach ndéanfaidh múinteoir cláraithe iarraidh faoi fhomhír (i) d'fhógra faoi fho-alt (5)(b) a chomhlíonadh laistigh den tréimhse ama a bheidh sonraithe san fhógra sin, tabharfaidh an Chomhairle fógra i

scríbhinn don mhúinteoir á rá go bhféadfaidh an Chomhairle diúltú clárú an mhúinteora sin a athnuachan de réir fho-alt (16)(a)(iii) agus féadfaidh an múinteoir sin, laistigh de cibé tréimhse ama a shonrófar san fhógra, aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig an gComhairle i ndáil leis an mainneachtain sin.

- (b) Breithneoidh an Chomhairle aighneachtaí (más ann) a dhéanfaidh múinteoir faoi mhír (a) agus i gcás gur deimhin leis an gComhairle go bhfuil forais réasúnacha ann gur mhainnigh an múinteoir an fógra sin a chomhlíonadh, tabharfaidh an Chomhairle fógra i scríbhinn don mhúinteoir á rá go bhféadfaidh an Chomhairle diúltú an múinteoir a chlárú de réir alt 16(a)(iii) agus go bhféadfaidh an múinteoir aighneachtaí a dhéanamh agus aon fhaisnéis a mheasfaidh sé nó sí a bheith iomchuí maidir le cinneadh na Comhairle faoi fho-alt (16)(a)(iii) a áireamh leis na haighneachtaí sin.

(16) Maidir leis an gComhairle—

- (a) féadfaidh sí diúltú clárú duine a athnuachan más rud é—
- (i) nach gcomhlíonann sé nó sí na ceanglais maidir le clárú a athnuachan arna bhforordú faoi fho-alt (2),
- (ii) an tráth a dhéanfaidh an Chomhairle a cinneadh—
- (I) go bhfuil an duine arna bhaint nó arna baint den chlár faoi Chuid 5 agus nach bhfuil sé nó sí i dteideal iarratas a dhéanamh lena chur nó lena cur ar ais ar an gclár faoi alt 31, nó
- (II) go bhfuil an duine arna fhionraí nó arna fionraí ón gclár faoi Chuid 5 agus nach bhfuil an tréimhse fionraí dulta in éag,
- nó
- (iii) nach ndéanfaidh an múinteoir cláraithe an fógra faoi fho-alt (5)(b) a chomhlíonadh laistigh den tréimhse ama a bheidh sonraithe san fhógra, agus tar éis don Chomhairle breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí agus ar an bhfaisnéis (más ann) a bheidh curtha faoina bráid faoi fho-alt (15)(b), nach mbeidh sí in ann cinneadh a dhéanamh i dtaobh an duine cuí oiriúnach an múinteoir cláraithe sin chun a chlárú nó a clárú a athnuachan,
- (b) diúltóidh sí clárú an mhúinteora chláraithe a athnuachan más rud é—
- (i) go bhfaighidh an Chomhairle nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith múinteoir cláraithe faoin alt seo agus nach deimhin léi, de réir fho-alt (8), gur duine cuí oiriúnach an múinteoir cláraithe chun a chlárú nó a clárú a athnuachan, nó
- (ii) nach deimhin leis an gComhairle go bhfuil forais réasúnacha a d'fhág gur mhainnigh sé nó sí iarraidh faoi fhomhír (i) d'fhógra faoi fho-alt (5)(b) a chomhlíonadh soláthartha ag an múinteoir,

nó

- (c) féadfaidh sí clárú múinteora chláraithe a athnuachan faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a mheasfaidh an Chomhairle is cuí agus comhlíonfar na coinníollacha sin laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an Chomhairle.
- (17) Aon admháil a eiseoidh an Chomhairle faoi fho-alt (12), agus aon deimhniú a eiseoidh sí faoi fho-alt (24), beidh sí nó sé, gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn gurbh é nó í a shínigh an admháil nó an deimhniú nó gurbh é nó í an duine sin an duine cuí lena síniú nó lena shíniú amhlaidh, ina fianaise nó ina fhianaise in aon imeachtaí dlí go ndearnadh an íocaíocht nó gur athnuadh an clárú le haghaidh na tréimhse a bheidh sonraithe sa deimhniú, de réir mar a bheidh, mura suítear a mhalairt.
- (18) I gcás go ndéanfaidh an Chomhairle cinneadh faoi fho-alt (16)—
- (a) diúltú clárú duine a athnuachan, nó
- (b) clárú duine a athnuachan faoi réir coinníollacha,
- déanfaidh an Chomhairle, laistigh de 21 lá ón dáta a dhéanfar an cinneadh, an cinneadh, an chúis a bhí leis an gcinneadh agus cearta an duine faoi fho-alt (19) a chur in iúl don duine trí fhógra i scríbhinn.
- (19) Féadfaidh duine, laistigh de 21 lá ó dháta seirbheála fógra faoi fho-alt (18), iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun an cinneadh lena mbaineann a neamhniú agus féadfaidh an Chúirt, ar an iarratas a éisteacht—
- (a) cinneadh na Comhairle a dhaingniú,
- (b) cinneadh na Comhairle a neamhniú agus de réir mar a mheasfaidh an Chúirt is cuí—
- (i) a threorú don Chomhairle clárú an duine a athnuachan fara nó d'éagmais coinníollacha, de réir mar a bheidh, nó
- (ii) a threorú don Chomhairle cinneadh eile a dhéanamh,
- (c) cinneadh na Comhairle a athrú, nó
- (d) cibé treoruithe eile a mheasfaidh an Chúirt is cuí a thabhairt don Chomhairle,
- agus féadfaidh an Chúirt cibé ordú is cuí léi a dhéanamh i dtaobh costas.
- (20) Faoi réir aon ordú a fhéadfaidh an Ard-Chúirt a dhéanamh faoi alt 47 chun clárú múinteora a fhionraí, i gcás go ndéanfaidh múinteoir iarratas faoi fho-alt (19) laistigh den tréimhse ama a shonraítear san fho-alt sin, fanfaidh an múinteoir sin ar an gclár go dtí go dtabharfaidh an Ard-Chúirt breith faoin alt sin.
- (21) Le cead ón Ard-Chúirt nó ón gCúirt Achomhairc, beidh ábhar achomhairc ann ón gComhairle nó ón múinteoir lena mbaineanna i gcoinne breith ón Ard-Chúirt faoi fho-alt (19) chun na Cúirte Achomhairc ar phonc dlí.

- (22) Más rud é—
- (a) gurb é an toradh a bheidh ar bhreith na hArd-Chúirte faoi fho-alt (19) go mbainfear múinteoir cláraithe den chlár,
  - (b) go ndeonóidh an Ard-Chúirt nó an Chúirt Achomhairc cead do mhúinteoir faoi fho-alt (21) achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc i gcoinne breith ón Ard-Chúirt ar phonc dlí,
  - (c) go bhfuil an múinteoir fostaithe mar mhúinteoir i scoil aitheanta an dáta a dheonófar an cead, agus
  - (d) go bhfuil luach saothair á thabhairt don mhúinteoir sin i leith a fhostaíochta nó a fostaíochta as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas,
- déanfaidh an Ard-Chúirt nó an Chúirt Achomhairc, de réir mar a bheidh, an tráth céanna a dheonóidh sí an cead achomhairc sin, treorú a thabhairt i dtaobh an leanfar de luach saothair a thabhairt don mhúinteoir sin de bhun a chonartha fostaíochta nó a conartha fostaíochta as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas go dtí go gcinnfear an t-achomharc sin.
- (23) Maidir le treorú ón Ard-Chúirt nó ón gCúirt Achomhairc faoi fho-alt (22) go leanfar de luach saothair a thabhairt do mhúinteoir, is faoi réir cibé téarmaí agus go ceann cibé tréimhse a mheasfaidh an Ard-Chúirt nó an Chúirt Achomhairc is cuí a bheidh sé.
- (24) Nuair a bheidh athnuachan ar chlárú curtha i gcrích, eiseoidh an Chomhairle deimhniú clárúcháin chuig an múinteoir cláraithe i cibé foirm agus ar cibé modh a fhorordóidh an Chomhairle agus beidh cibé faisnéis ann a fhorordóidh an Chomhairle.”.

### Clárú a athnuachan faoi réir coinníollacha

15. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 33:

#### “Clárú a athnuachan faoi réir coinníollacha

- 33A.(1) (a) I gcás go mbeidh an athnuachan ar chlárú múinteora chláraithe faoi réir coinníollacha a bheidh le comhlíonadh laistigh de thréimhse shonraithe faoi alt 33(16)(c), féadfaidh an múinteoir cláraithe iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an gComhairle, laistigh den tréimhse shonraithe, chun an tréimhse sin a fhadú.
- (b) Is faoi rogha na Comhairle a bheidh aon fhadú ar an tréimhse shonraithe.
- (2) I gcás nach ndéanfaidh múinteoir cláraithe na coinníollacha dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a chomhlíonadh laistigh den tréimhse shonraithe nó d’aon fhadú ar an tréimhse shonraithe faoin bhfo-alt sin, déanfar é nó í a bhaint den chlár.
- (3) I gcás nach ndéanfaidh múinteoir cláraithe aon choinníoll arna fhorchur faoi alt 33(19)(b) a chomhlíonadh, déanfar é nó í a bhaint den chlár.”.

**Faisnéis i nochtadh grinnfhiosrúcháin a bheidh faighte faoi alt 33 a chomhroinnt**

16. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 33A (arna chur isteach le *halt 15*):

**“Faisnéis i nochtadh grinnfhiosrúcháin a bheidh faighte faoi alt 33 a chomhroinnt**

**33B.**(1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh an Chomhairle faisnéis atá i nochtadh grinnfhiosrúcháin a bheidh faighte ag an gComhairle chun clárú múinteora chláraithe a athnuachan faoi alt 33 a thabhairt d’fhostóir an mhúinteora más rud é—

(a) go measfaidh an Chomhairle, maidir leis an bhfaisnéis sa nochtadh sin, gur faisnéis de chineál í is cúis le himní *bona fide* go bhféadfadh an múinteoir—

(i) díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta,

(ii) a chur faoi deara díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta,

(iii) aon leanbh nó aon duine soghonta a chur i mbaol díobhála,

(iv) féachaint le díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta, nó

(v) duine eile a ghríosú chun díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta,

agus

(b) gurb eol don Chomhairle céannacht fhostóir an mhúinteora sin.

(2) I gcás go mbeartóidh an Chomhairle faisnéis atá i nochtadh grinnfhiosrúcháin a sholáthar d’fhostóir múinteora chláraithe faoi fho-alt (1), tabharfaidh sí fógra i scríbhinn dá réir sin don mhúinteoir agus tabharfaidh sí cuireadh dó nó di aighneachtaí a dhéanamh chuici i scríbhinn i ndáil lena bhfuil beartaithe aici laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san fhógra.

(3) Breithneoidh an Chomhairle aighneachtaí (más ann) a dhéanfaidh múinteoir cláraithe faoi fho-alt (2) sula ndéanfaidh sí cinneadh faoi fho-alt (1) an fhaisnéis atá i nochtadh grinnfhiosrúcháin dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a sholáthar d’fhostóir an mhúinteora sin.”.

**Coinníollacha a bheidh ag gabháil le clárú agus is infheidhme maidir le clárú a athnuachan**

17. (1) Más rud é—

(a) roimh theacht i ngníomh *d’alt 14* gur forchuireadh coinníoll faoi mhír (b) d’fho-alt (6) d’alt 31 den Phríomh-Acht i leith múinteora agus gurbh fhaide an tréimhse chun an coinníoll a sonraíodh faoin mír sin a chomhlíonadh, nó má fadaíodh an tréimhse sin faoi alt 32 den Acht sin, gurbh fhaide an tréimhse sin ná an tréimhse ar lena linn a bhí an duine cláraithe faoi alt 31 den Acht sin, agus

- (b) ar theacht i ngníomh *d'alt 14* go mbeidh clárú an mhúinteora sin arna athnuachan faoi alt 33 den Acht sin,

ansin ar theacht i ngníomh don alt sin, beidh clárú an mhúinteora sin arna athnuachan faoi réir an choinníll, ar feadh an chuid sin den tréimhse chun an coinníoll a chomhlíonadh nach mbeidh dultha in éag.

- (2) Más rud é, mar gheall ar oibriú *fho-alt (1)*, go mbeidh clárú múinteora arna athnuachan faoi réir coinníll, measfar gur coinníoll arna fhorchur faoi *fho-alt (16)* d'alt 33 (arna leasú le *halt 14* den *Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2015*) den Phríomh-Acht an coinníoll.

### Leasú ar alt 34 den Phríomh-Acht

#### 18. Leasaítear alt 34 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir *fho-alt (1A)*, i gcás nach ndéanfaidh múinteoir cláraithe” a chur in ionad “I gcás nach ndéanfaidh múinteoir cláraithe”,

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh *fho-alt (1)*:

“(1A) Más rud é, maidir le múinteoir cláraithe nach ndéanfaidh iarratas ar chlárú a athnuachan de réir alt 33, gur múinteoir cláraithe é nó í lena mbaineann fo-alt (5) den alt sin, ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) ach amháin i gcás gur chomhlíon an múinteoir cláraithe fo-alt (5) d'alt 33.”,

agus

- (c) i bhfo-alt (2), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) I gcás go mbeidh gearán déanta i ndáil le múinteoir cláraithe faoi alt 42 (arna leasú le *halt 20 d'Acht 2015*), ní bhainfidh an Chomhairle an múinteoir cláraithe sin den chlár faoin alt seo go dtí go mbeifear tar éis diúltú an gearán sin a tharchur nó diúltú é a bhreithniú, de réir mar a bheidh, faoi *fho-alt (3)(b)*, *(5)(b)*, *(8)(aa)* nó *(9)(b)*, d'alt 42 (arna leasú amhlaidh) nó go dtí go mbeifear tar éis aon fhiosrúchán i ndáil leis an ngearán sin a chur i gcrích de réir Chuid 5.”.

### Leasú ar alt 35 den Phríomh-Acht

#### 19. Leasaítear alt 35 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad *fho-alt (2)*:

“(2) I gcás go ndéanfaidh múinteoir cláraithe iarratas go mbainfear é nó í den chlár faoi *fho-alt (1)* agus go mbeidh gearán déanta faoi alt 42 (arna leasú le *halt 20 d'Acht 2015*) i ndáil leis an múinteoir, ní bhreithneoidh an Chomhairle an t-iarratas faoi *fho-alt (1)* go dtí go mbeifear tar éis diúltú an gearán sin a tharchur nó diúltú é a bhreithniú, de réir mar a bheidh, faoi *fho-alt (3)(b)*, *(5)(b)*, *(8)(aa)* nó *(9)(b)*, d'alt 42 (arna leasú amhlaidh) nó go dtí go mbeifear tar éis aon fhiosrúchán i ndáil leis an ngearán sin a chur i gcrích de réir Chuid 5.”.

### Leasú ar alt 42 den Phríomh-Acht

#### 20. Leasaítear alt 42 den Phríomh-Acht—

(a) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfaidh duine (lena n-áirítear an Chomhairle) gearán a dhéanamh chun an Choiste Imscrúdúcháin i ndáil le múinteoir cláraithe, agus féadfaidh an Coiste an gearán a bhreithniú, i gcás go mbaineann an gearán sin le haon cheann de na nithe seo a leanas i ndáil leis an múinteoir cláraithe:

- (a) nár chomhlíon sé nó sí, nó gur sháraigh sé nó sí, aon fhoráil den Acht seo, d’Acht 1998, den Acht Oideachais (Leas), 2000, den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, nó aon rialacháin, rialacha nó orduithe arna ndéanamh faoi na hAchtanna sin;
- (b) gur mí-iompar gairmiúil a iompar nó a hiompar;
- (c) drochfheidhmíocht ghairmiúil;
- (d) gur ghabh sé nó sí d’iompar atá contrártha do chód iompair ghairmiúil arna bhunú ag an gComhairle faoi alt 7(2)(b);
- (e) go bhfuil a chlárú nó a clárú earráideach mar gheall ar dhearbhu nó mífhaisnéis atá bréagach nó calaoiseach;
- (f) go bhfuil sé nó sí neamhfheidhmiúil, ó thaobh sláinte de, chun múineadh;
- (g) gur ciontaíodh é nó í sa Stát i gcion is intrialte ar díotáil nó gur ciontaíodh é nó í lasmuigh den Stát i gcion arb éard é gníomhartha nó neamhghníomhartha ar chion iad ab intrialte ar díotáil dá mba sa Stát a dhéanfaí iad;
- (h) gur mhainnigh sé nó sí gealltanais a chomhlíonadh nó aon ghníomh a dhéanamh a shonraítear i dtoiliú arna thabhairt mar fhreagairt d’iarraidh faoi alt 43(6).

(1A) Aon duine a dhéanfaidh gearán faoi fho-alt (1), sonródh sé nó sí iompar an mhúinteora chláraithe is cúis leis an ngearán ón duine.

(1B) Féadfaidh an Coiste Imscrúdúcháin gearán a bhaineann leis an ní a shonraítear i mír (b) d’fho-alt (1) a bhreithniú d’ainneoin gur tharla an t-iompar lena mbaineann an gearán roimh theacht i ngníomh don Chuid seo más rud é, maidir leis an iompar sin—

- (a) gur chion coiriúil a bheadh ann an tráth a tharla an t-iompar sin, agus
- (b) gur iompar de chineál é is cúis réasúnach le himní *bona fide* go bhféadfadh an múinteoir—
  - (i) díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta,
  - (ii) a chur faoi deara díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta,
  - (iii) aon leanbh nó aon duine soghonta a chur i mbaol díobhála,
  - (iv) féachaint le díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta, nó

- (v) duine eile a ghríosú chun díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta.
- (1C) Féadfaidh an Coiste Imscrúdúcháin gearán a bhaineann le haon cheann de na nithe a shonraítear i míreanna (a), (e) nó (g) d'fho-alt (1) a bhreithniú d'ainneoin gur tharla an ní lena mbaineann an gearán roimh theacht i ngníomh don Chuid seo.
- (1D) Féadfaidh an Chomhairle gearán a dhéanamh chun an Choiste Imscrúdúcháin i leith múinteoir cláraithe i ndáil le faisnéis, seachas i ndáil le faisnéis shonraithe i leith an mhúinteora chláraithe a bhaineann le hiompar an mhúinteora chláraithe sin a tharla roimh theacht i ngníomh don Chuid seo i gcás nár chion coiriúil a bheadh san iompar an tráth a tharla an t-iompar, ar faisnéis í atá i nochtadh grinnfhiosrúcháin a bheidh faighte ag an gComhairle thar ceann eagraíocht iomchuí eile a bhfuil an Chomhairle ionadaitheach di chun críche nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin faoi Acht 2012, ar na forais, maidir leis an bhfaisnéis sin, gur faisnéis de chineál í is cúis réasúnach le himní *bona fide* go bhféadfadh an múinteoir—
- (a) díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta,
- (b) a chur faoi deara díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta,
- (c) aon leanbh nó aon duine soghonta a chur i mbaol díobhála,
- (d) féachaint le díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta, nó
- (e) duine eile a ghríosú chun díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta.
- (1E) Féadfaidh an Chomhairle gearán a dhéanamh chun an Choiste Imscrúdúcháin faoi fho-alt (1)(g) i leith múinteoir cláraithe ar bhonn faisnéis atá i nochtadh grinnfhiosrúcháin a bheidh faighte ag an gComhairle thar ceann eagraíocht iomchuí eile a bhfuil an Chomhairle ionadaitheach di chun críche nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin faoi Acht 2012.
- (1F) Déanfaidh an Coiste Imscrúdúcháin, faoi réir an ailt seo, gearán a dhéanfar faoi fho-alt (1) nó faoi fho-alt (1D) a bhreithniú.
- (1G) Féadfar gearán a dhéanfar faoi fho-alt (1) a dhéanamh, sa mhéid go mbaineann an gearán le mí-iompar gairmiúil nó le drochfheidhmíocht ghairmiúil, d'ainneoin gur lasmuigh den Stát a tharla an ní lena mbaineann an gearán.”
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):
- “(2) Maidir le gearán a dhéanfar faoi fho-alt (1) nó faoi fho-alt (1D)—
- (a) beidh sé i scríbhinn,
- (b) beidh sé sínithe ag an ngearánach, agus



- (c) beidh cibé doiciméid agus faisnéis is iomchuí maidir leis an ngearán ag gabháil leis, lena n-áirítear—
- (i) i gcás gearán a dhéanfar faoi fho-alt (1D), cóip den nochtadh grinnfhiosrúcháin dá dtagraítear san fho-alt sin agus daingniú maidir leis an bhfaisnéis atá sa nochtadh sin is foras don ghearán faoin bhfo-alt sin, agus
  - (ii) i gcás gearán a dhéanfar faoi fho-alt (1)(g) lena mbaineann fo-alt (1E), cóip den nochtadh grinnfhiosrúcháin dá dtagraítear i bhfo-alt (1E) agus daingniú maidir leis an bhfaisnéis atá sa nochtadh is foras don ghearán faoi fho-alt (1)(g).”,
- (c) i bhfo-alt (3)—
- (i) an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):
 

“(a) Faoi réir mhír (b), déanfaidh an Stiúrthóir gach gearán a dhéanfar faoi fho-alt (1) nó faoi fho-alt (1D) a tharchur chuig an gCoiste Imscrúdúcháin.”,
  - (ii) i mír (b)—
    - (I) trí “Féadfaidh an Stiúrthóir diúltú gearán a tharchur” a chur in ionad “Diúltóidh an Stiúrthóir d’iarratas”, agus
    - (II) i bhfomhíreanna (i) agus (ii), trí “an gearán” a chur in ionad “an t-iarratas” gach áit a bhfuil sé,

agus
  - (iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):
 

“(c) Chun breithniú a dhéanamh i dtaobh an ndiúltóidh sé nó sí gearán a tharchur faoi mhír (b), féadfaidh an Stiúrthóir—

    - (i) i gcás gearán a dhéanfar faoi fho-alt (1D), an fhaisnéis atá sa nochtadh grinnfhiosrúcháin a bhreithniú sa mhéid gur foras don ghearán an fhaisnéis faoin bhfo-alt sin agus de réir an fho-ailt sin, agus
    - (ii) i gcás gearán a dhéanfar faoi fho-alt (1)(g) lena mbaineann fo-alt (1E), an fhaisnéis atá sa nochtadh grinnfhiosrúcháin a bhreithniú sa mhéid gur foras don ghearán an fhaisnéis faoi fho-alt (1)(g).”,
- (d) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):
- “(3A) Más rud é—
- (a) go ndéanfar gearán faoi fho-alt (1) i ndáil le múinteoir cláraithe—
    - (i) atá fostaithe ag scoil aitheanta, ag bord oideachais agus oiliúna nó ag lárionad oideachais,
    - (ii) atá ag gabháil do theagasc baile a sheachadadh, nó
    - (iii) atá fostaithe chun leanaí nó daoine soghonta a mhúineadh,

(b) go measfaidh an Coiste Imscrúdúcháin, maidir leis an ngearán, gur gearán de chineál é is cúis réasúnach le himní *bona fide* go bhféadfadh an múinteoir—

- (i) díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta,
- (ii) a chur faoi deara díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta,
- (iii) aon leanbh nó aon duine soghonta a chur i mbaol díobhála,
- (iv) féachaint le díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta, nó
- (v) duine eile a ghríosú chun díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta,

agus

(c) gurb eol don Chomhairle céannacht fhostóir an mhúinteora sin is ábhar don ghearán sin,

déanfaidh an Coiste Imscrúdúcháin, a luaithe is indéanta le réasún, an gearán agus an cineál imní atá ann a chur in iúl don fhostóir sin atá ag an múinteoir sin.

(3B) Más rud é—

(a) go ndéanfar gearán faoi fho-alt (1D) i ndáil le múinteoir cláraithe—

- (i) atá fostaithe ag scoil aitheanta, ag bord oideachais agus oiliúna nó ag lárionad oideachais,
- (ii) atá ag gabháil do theagasc baile a sheachadadh, nó
- (iii) atá fostaithe chun daoine soghonta nó leanaí a mhúineadh,

agus

(b) gurb eol don Chomhairle céannacht fhostóir an mhúinteora sin is ábhar don ghearán sin,

déanfaidh an Coiste Imscrúdúcháin, a luaithe is indéanta le réasún, an gearán agus an cineál imní atá ann a chur in iúl don fhostóir sin atá ag an múinteoir sin.”,

(e) i bhfo-alt (4)—

- (i) trí “go ndiúltóidh an Stiúrthóir gearán a tharchur” a chur in ionad “ina ndiúltóidh an Stiúrthóir d’iarratas”, agus
- (ii) trí “don ghearánach” a chur in ionad “don iarratasóir” agus trí “an gearánach” a chur in ionad “an t-iarratasóir”,

(f) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) I gcás go ndéanfaidh gearánach achomharc faoi fho-alt (4) laistigh den tréimhse ama a shonraítear san fho-alt sin, athbhreithneoidh an Coiste Imscrúdúcháin cinneadh an Stiúrthóra is ábhar don achomharc agus—

(a) seasfaidh sé leis an gcinneadh sin, nó

(b) déanfaidh sé an cinneadh sin a neamhniú agus rachaidh sé ar aghaidh le fiosrúchán a sheoladh i leith an ghearáin sin faoi fho-alt (5)(a).”,

(g) i bhfo-alt (5)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Faoi réir mhír (b), seolfaidh an Coiste Imscrúdúcháin fiosrúchán faoi fheidhmiúlacht múinteora chláraithe chun múineadh i leith gach gearáin—

(i) a tharchuirfidh an Stiúrthóir chuige faoi fho-alt (3)(a), nó

(ii) lena mbaineann fo-alt (4A)(b).”,

agus

(ii) i mír (b)—

(I) trí “gearán” a chur in ionad “iarratas nó achomharc”,

(II) trí “an gearán” a chur in ionad “an t-iarratas nó an t-achomharc” gach áit a bhfuil sé, agus

(III) trí fhomhír (iii) a scriosadh,

(h) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) I gcás go ndiúltoídh an Coiste Imscrúdúcháin faoi mhír (b) d’fho-alt (5) gearán dá dtagraítear i mír (a) den fho-alt sin a bhreithniú, déanfaidh an Coiste Imscrúdúcháin, laistigh de 21 lá ón dáta a dhiúltofar amhlaidh, an cinneadh atá déanta aige agus na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a chur in iúl don ghearánach trí fhógra i scríbhinn.”,

(i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

“(7) (a) I gcás go gcinnfidh an Coiste Imscrúdúcháin fiosrúchán a sheoladh, déanfaidh an Coiste Imscrúdúcháin, laistigh de 21 lá ón dáta a dhéanfar an cinneadh, na nithe seo a leanas a sholáthar don mhúinteoir cláraithe—

(i) cóip den ghearán agus aon doiciméid agus aon fhaisnéis atá ag gabháil leis an ngearán lena n-áirítear, i gcás gearán a dhéanfar faoi fho-alt (1D) nó gearán a dhéanfar faoi fho-alt (1)(g) lena mbaineann fo-alt (1E), cóip den nochtadh grinnfhiosrúcháin dá dtagraítear i bhfo-alt (1D) nó (1E), de réir mar a bheidh, agus daingniú maidir leis an bhfaisnéis atá sa nochtadh sin is foras don ghearán faoi fho-alt (1D) nó faoi fho-alt (1)(g), de réir mar a bheidh, agus

- (ii) fógra á rá go bhféadfaidh an múinteoir cláraithe aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig an gCoiste Imscrúdúcháin laistigh de cibé tréimhse ama a shonrófar san fhógra, lena n-áirítear aighneachtaí i ndáil le nochtadh grinnfhiosrúcháin (más ann) a sholáthrófar de réir fhomhír (i).
- (b) Breithneoidh an Coiste Imscrúdúcháin aighneachtaí (más ann) a dhéanfaidh an múinteoir cláraithe lena mbaineann de bhun mhír (a) (ii).
- (c) Féadfaidh an Coiste Imscrúdúcháin na nithe seo a leanas a bhreithniú—
- (i) i gcás gearán a dhéanfar faoi fho-alt (1D), an fhaisnéis atá sa nochtadh grinnfhiosrúcháin sa mhéid gur foras don ghearán an fhaisnéis sin faoin bhfo-alt sin agus de réir an fho-ailt sin, agus
- (ii) i gcás gearán a dhéanfar faoi fho-alt (1)(g) lena mbaineann fo-alt (1E), an fhaisnéis atá sa nochtadh grinnfhiosrúcháin sa mhéid gur foras don ghearán an fhaisnéis faoi fho-alt (1)(g).”,
- (j) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):
- “(7A) (a) I gcás go gcinfidh an Coiste Imscrúdúcháin fiosrúchán a sheoladh i leith múinteoir cláraithe agus go measfaidh an Coiste, maidir leis an ngearán faoi fho-alt (1), gur gearán de chineál é is cúis réasúnach le himní *bona fide* go bhféadfadh an múinteoir sin—
- (i) díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta,
- (ii) a chur faoi deara díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta,
- (iii) aon leanbh nó aon duine soghonta a chur i mbaol díobhála,
- (iv) féachaint le díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta, nó
- (v) duine eile a ghríosú chun díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta,
- iarrfaidh an Coiste ar an gComhairle iarratas a dhéanamh chuig an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin ar nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith an mhúinteora sin.
- (b) I gcás go bhfaighidh an Coiste Imscrúdúcháin nochtadh grinnfhiosrúcháin faoi mhír (a), soláthróidh sé cóip den nochtadh don mhúinteoir cláraithe lena mbaineann agus tabharfaidh sé cuireadh don mhúinteoir aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig an gCoiste i ndáil leis an nochtadh laistigh de cibé tréimhse ama a shonrófar san fhógra.
- (c) Breithneoidh an Coiste Imscrúdúcháin aighneachtaí (más ann) a dhéanfaidh an múinteoir cláraithe lena mbaineann faoi mhír (b).

(7B) Faoi réir fho-alt (7C), féadfaidh an Coiste Imscrúdúcháin an fhaisnéis atá i nochtadh grinnfhiosrúcháin a bheidh faighte faoi fho-alt (7A) a bhreithniú sa mhéid go mbaineann an fhaisnéis leis an iompar is ábhar don ghearán, chun críocha a fhiosrúcháin.

(7C) I gcás go bhfuil faisnéis shonraithe i nochtadh grinnfhiosrúcháin a bheidh faighte ag an gComhairle faoi fho-alt (7A) i leith múinteora agus go mbaineann an fhaisnéis shonraithe sin le hiompar an mhúinteora a tharla roimh theacht i ngníomh *d'alt 20 d'Acht 2015*, ní ceadmhach don Choiste Imscrúdúcháin an fhaisnéis sin a bhreithniú chun críocha fho-alt (7B) mura rud é gur chion coiriúil a bheadh san iompar lena mbaineann an tráth a tharla an t-iompar.”,

(k) i bhfo-alt (8), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Féadfaidh an Coiste Imscrúdúcháin, trí fhógra i scríbhinn chuig an ngearánach, ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (i) a cheangal ar an ngearánach aon ní atá sa ghearán faoin alt seo a fhíorú trí mhionscríbhinn nó ar shlí eile laistigh de cibé tréimhse réasúnach a shonrófar san fhógra;
- (ii) a iarraidh ar an ngearánach cibé faisnéis bhreise a theastóidh ón gCoiste le réasún agus a bhaineann leis an ní is ábhar don ghearán a sholáthar don Choiste laistigh de cibé tréimhse réasúnach a shonrófar san fhógra;
- (iii) a cheangal gur trí dhearbhu reachtúil a sholáthróidh an gearánach an fhaisnéis a iarrfar faoi fhomhír (ii);
- (iv) a cheangal ar an ngearánach cibé doiciméid a theastóidh ón gCoiste le réasún agus a bhaineann leis an ngearán agus a shonrófar san fhógra a sholáthar don Choiste laistigh de cibé tréimhse réasúnach a shonrófar san fhógra.”,

(l) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

- “(aa) Féadfaidh an Coiste Imscrúdúcháin diúltú gearán a bhreithniú nó a bhreithniú tuilleadh faoin alt seo más rud é nach ndéanfaidh an gearánach, gan leithscéal réasúnach, fógra faoi mhír (a) a chomhlíonadh laistigh den tréimhse ama a shonrófar san fhógra.
- (ab) Féadfaidh an Coiste Imscrúdúcháin, trí fhógra i scríbhinn chuig an múinteoir cláraithe is ábhar do ghearán faoin alt seo, a cheangal ar an múinteoir cibé faisnéis nó doiciméid a bhaineann leis an ngearán agus a shonrófar san fhógra a thabhairt don Choiste laistigh de cibé tréimhse réasúnach ama a shonrófar san fhógra.
- (ac) Comhlíonfaidh múinteoir cláraithe fógra a thabharfar dó nó di faoi mhír (ab).
- (ad) Féadfaidh an Coiste Imscrúdúcháin, chun gearán a bhreithniú faoin alt seo—

(i) a cheangal—

(I) ar aon scoil ina bhfuil nó ina raibh an múinteoir fostaithe mar mhúinteoir, nó

(II) ar aon duine eile a bhfuil cúis ag an gCoiste lena chreidiúint go bhfuil faisnéis aige nó aici atá ábhartha maidir leis an gearán atá faoi bhreithniú,

cibé faisnéis nó doiciméid a theastóidh le réasún ón gCoiste a sholáthar laistigh de cibé tréimhse réasúnach ama a shonróidh an Coiste sin i scríbhinn don scoil nó don duine eile lena mbaineann, agus

(ii) cibé sainchomhairle nó sainchúnaimh is cú leis a fháil.

(ae) Comhlíonfaidh scoil nó duine eile dá dtagraítear i mír (ad)(i) an ceanglas laistigh den tréimhse ama a shonróidh an Coiste i scríbhinn.

(af) Féadfaidh an Coiste Imscrúdúcháin, chun gearán a bhreithniú faoin alt seo, cuireadh a thabhairt, trí fhógra i scríbhinn, d’aon scoil ina bhfuil nó ina raibh an múinteoir fostaithe mar mhúinteoir aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig an gCoiste laistigh de 21 lá ón tráth a gheobhaidh an scoil an fógra.”,

(m) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9)—

“(9) Nuair a bheidh a fhiosrúchán curtha i gcrích ag an gCoiste Imscrúdúcháin—

(a) i gcás gurb é a thuairim go bhfuil cás *prima facie* ann chun gníomh eile a dhéanamh i ndáil le gearán, déanfaidh sé cinneadh an gearán a tharchur, go hiomlán nó go páirteach, chuig an gCoiste Araíonachta, nó

(b) i gcás gurb é a thuairim nach bhfuil aon chás *prima facie* ann chun gníomh eile a dhéanamh i ndáil le gearán, déanfaidh sé cinneadh go ndiúltóidh sé an gearán a tharchur chuig an gCoiste Araíonachta.”,

(n) i bhfo-alt (10)—

(i) trí “Déanfaidh an Coiste Imscrúdúcháin, laistigh de 21 lá tar éis dó cinneadh a dhéanamh faoi fho-alt (9)” a chur in ionad “Déanfaidh an Stiúrthóir, laistigh de 21 lá tar éis dó nó di an cinneadh arna dhéanamh faoi fho-alt (9) a fháil”, agus

(ii) i mír (a), trí “an gearánach” a chur in ionad “an t-iarratasóir”,

agus

(o) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (10):

“(11) San alt seo, folaíonn ‘doiciméad’—

(a) leabhar, taifead nó ábhar clóite eile,

(b) grianghraf,

- (c) aon fhaisnéis arna stóráil, arna cothabháil nó arna caomhnú trí aon fheiste mheicniúil nó leictreonach, cibé acu atá nó nach bhfuil sí á stóráil, á cothabháil nó á caomhnú i bhfoirm inléite, agus
- (d) aon chlostaifeadadh nó aon fhístaifeadadh.”.

### Leasú ar alt 43 den Phríomh-Acht

21. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 43:

#### “Fiosrúchán ag an gCoiste Araíonachta

43. (1) Seolfaidh an Coiste Araíonachta fiosrúchán faoi fheidhmiúlacht múinteora chláraithe chun múineadh i leith gearán a tharchuirfidh an Coiste Imscrúdúcháin chuige faoi alt 42(9)(a).

(2) A luaithe is indéanta tar éis gearán a tharchur chuige faoi alt 42(9)(a), cuirfidh an Coiste Araíonachta faoi deara fógra i scríbhinn a thabhairt—

- (a) don mhúinteoir cláraithe is ábhar don ghearán maidir leis na nithe seo a leanas:
  - (i) an gearán a bheith tarchurtha chuig an gCoiste Araíonachta;
  - (ii) cineál an ní a bheidh ina ábhar don fhiosrúchán, lena n-áirítear na sonraí a bhaineann le haon fhianaise atá mar thaca leis an ngearán;
  - (iii) an deis a bheith ag an múinteoir cláraithe a iarraidh go ndéanfar an fiosrúchán a sheoladh trí dhoiciméid a scrúdú de réir fho-alt (4);
  - (iv) má tá éisteacht á seoladh mar chuid d’fhiosrúchán, an deis a bheith ag an múinteoir cláraithe, nó ag ionadaí an mhúinteora chláraithe, a bheith i láthair agus an múinteoir cláraithe a chosaint ag an éisteacht;
  - (v) má tá éisteacht á seoladh mar chuid d’fhiosrúchán, an deis a bheith ag an múinteoir cláraithe a iarraidh go ndéanfar cuid den éisteacht, nó an éisteacht go léir, a sheoladh ar shlí seachas go poiblí, más féidir leis an múinteoir cláraithe cúis réasúnach leordhóthanach a thaispeáint;

agus

- (b) má tá éisteacht á seoladh mar chuid d’fhiosrúchán, i gcás aon fhinnéithe a gceanglófar orthu fianaise a thabhairt ag an éisteacht (lena n-áirítear, más cuí, an gearánach), an deis a bheith ag an bhfínné a iarraidh go ndéanfar cuid den éisteacht, nó an éisteacht go léir, a sheoladh ar shlí seachas go poiblí, más féidir leis an bhfínné cúis réasúnach leordhóthanach a thaispeáint.
- (3) Chun críche fiosrúcháin faoin alt seo, ceapfaidh cathaoirleach an Choiste Araíonachta, as measc chomhaltaí an Choiste Araíonachta, painéal ar a mbeidh 3 dhuine ar a laghad agus 5 dhuine ar a mhéid, ar múinteoirí cláraithe a dtromlach, agus beidh feidhm ag Sceideal 3.

- (4) Faoi réir cibé rialacha a dhéanfar faoi Sceideal 3, féadfaidh painéal, ar iarraidh a bheith faighte ón múinteoir cláraithe lena mbaineann nó le toiliú an mhúinteora chláraithe lena mbaineann, fiosrúchán a sheoladh faoin alt seo trí scrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid agus ar aighneachtaí scríofa ón ngearánach agus ón múinteoir cláraithe, lena n-áirítear aon doiciméid agus aighneachtaí scríofa arna mbreithniú ag an gCoiste Imscrúdúcháin i ndáil leis an ngearán, in ionad éisteachta.
- (5) Chun críoch fiosrúcháin faoin alt seo trí dhoiciméid a scrúdú, soláthróidh an painéal fógra don mhúinteoir cláraithe á rá go bhféadfaidh an múinteoir cláraithe aighneachtaí i scríbhinn i ndáil leis an bhfiosrúchán a dhéanamh chun an phainéal laistigh de cibé tréimhse ama a shonrófar san fhógra.
- (6) Féadfaidh painéal, aon tráth tar éis a cheaptha faoi fho-alt (3) agus tar éis dó an gearán is ábhar don fhiosrúchán a bhreithniú, a iarraidh ar an múinteoir cláraithe is ábhar don ghearán ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh:
  - (a) más cuí, gealltanais a thabhairt nach n-iompróidh sé é féin nó sí í féin arís ar an tslí ab ábhar don ghearán;
  - (b) gealltanais a thabhairt go bhfreastalóidh sé nó sí ar chúrsa sonraithe forbartha gairmiúla, nó ar cibé cúrsa eile is cuí leis an bpainéal;
  - (c) gealltanais a thabhairt go gcomhlíonfaidh sé nó sí cibé ceanglais a shonrófar chun a inniúlacht nó a hinniúlacht agus a fheidhmíocht nó a feidhmíocht mar mhúinteoir cláraithe a fheabhsú;
  - (d) toiliú le cúnaimh a lorg ó cibé seirbhísí a bhaineann le sláinte agus le leas a shonrófar;
  - (e) toiliú go ndéanfar é nó í a cháineadh.
- (7) I gcás go dtabharfaidh múinteoir cláraithe gealltanais nó toiliú i ndáil leis na nithe go léir is ábhar d'iarraidh ó phainéal faoi fho-alt (6), measfar an fiosrúchán faoin ngearán a bheith curtha i gcrích.
- (8) I gcás go ndiúltoídh múinteoir cláraithe gealltanais nó toiliú a thabhairt i ndáil leis na nithe go léir is ábhar d'iarraidh ó phainéal faoi fho-alt (6), leanfaidh an painéal ar aghaidh leis an bhfiosrúchán amhail is nach ndearnadh an iarraidh.
- (9) I gcás go mbeidh éisteacht á seoladh os comhair painéil mar chuid d'fhiosrúchán, is go poiblí a sheolfar an éisteacht mura rud é—
  - (a) tar éis fógra a fháil faoi alt 43(2), go ndéanfaidh an múinteoir cláraithe nó finné ar a gceanglófar fianaise a thabhairt ag an bhfiosrúchán nó a bhféadfadh go nochtfaí nithe pearsanta faoi nó fúithi ag an bhfiosrúchán, a iarraidh ar an bpainéal an éisteacht go léir nó cuid den éisteacht a sheoladh ar shlí seachas go poiblí, agus
  - (b) gur deimhin leis an bpainéal gur chúí sna himthosca an éisteacht, nó cuid den éisteacht, a sheoladh ar shlí seachas go poiblí.



- (10) Tabharfaidh an painéal fógra i scríbhinn don mhúinteoir cláraithe is ábhar do ghearán a bheidh tarchurtha chuig an gCoiste Araíonachta i dtaobh dáta, am agus ionad aon éisteachta ar an ngearán in am trátha chun go n-ullmhóidh an múinteoir cláraithe le haghaidh na héisteachta.
- (11) Le linn gearán a éisteacht os comhair painéil—
- (a) déanfaidh an Stiúrthóir, nó aon duine eile le cead ón bpainéal, an fhianaise atá mar thaca leis an ngearán a chur faoi bhráid an phainéil,
  - (b) is faoi mhionn a thabharfar teist finnétithe a bheidh i láthair ag an éisteacht, agus
  - (c) beidh láncheart ann finnétithe a chroscheistiú agus fianaise a ghlaoch mar chosaint agus mar fhreagra.
- (12) Féadfaidh aon chomhalta den phainéal daoine a chur faoi mhionn chun críoch fiosrúcháin.
- (13) Faoi réir aon rialacha a bheidh i bhfeidhm faoi Sceideal 3, agus faoi réir an ghá atá ann nósanna imeachta córa a urramú, féadfaidh an painéal fianaise a ghlacadh a thabharfar—
- (a) ó bhéal os comhair an choiste,
  - (b) le mionnscríbhinn, nó
  - (c) mar a cheadófar ar shlí eile leis na rialacha sin, lena n-áirítear trí nasc físe beo, fístaifeadadh, fuaimthaifeadadh nó aon mhodh tarchurtha eile.
- (14) Beidh ag painéal, chun críche fiosrúcháin faoin alt seo, na cumhachtaí, na cearta agus na pribhléidí a dhílsítear don Ard-Chúirt nó do bhreitheamh den Ard-Chúirt i leith na nithe seo a leanas—
- (a) tabhairt ar fhinnétithe freastal agus iad a cheistiú faoi mhionn nó ar shlí eile, agus
  - (b) iallach a chur ar dhuine doiciméid a thabhairt ar aird,  
agus féadfar toghairm, arna síniú ag cathaoirleach an phainéil nó ag cibé comhalta eile den phainéal a bheidh údaraithe ag an bpainéal chuige sin, a chur in ionad aon nós imeachta foirmiúil, agus is ionann di agus d'aon nós imeachta foirmiúil, is féidir a eisiúint i gcaingean chun tabhairt ar fhinnétithe freastal agus chun iallach a chur ar dhuine doiciméid a thabhairt ar aird.
- (15) Chun críoch fiosrúcháin faoin alt seo, féadfaidh painéal, i ndáil le nochtadh grinnfhiosrúcháin, an fhaisnéis agus na haighneachtaí dá dtagraítear in alt 43A a bhreithniú.
- (16) Beidh finné os comhair painéil i dteideal na ndíolúintí agus na bpribhléidí céanna amhail is dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte é nó í.
- (17) Nuair a bheidh fiosrúchán curtha i gcrích ag painéal—

- (a) i gcás nach ndéanfaidh sé aon fhionnachtain in aghaidh an mhúinteora chláráithe i leith gearán faoi aon cheann de mhíreanna (a) go (h) d’fho-alt (1) d’alt 42, déanfaidh an painéal an gearán a dhíbhe,
- (b) i gcás go ndéanfar fiosrúchán a chur i gcrích faoi fho-alt (7) nó i gcás go ndéanfaidh an painéal fionnachtain nó fionnachtana in aghaidh an mhúinteora chláráithe i leith gearán faoi aon cheann de mhíreanna (a) go (h) d’fho-alt (1) d’alt 42, déanfaidh an painéal tuarascáil a thabhairt ar an bhfiosrúchán agus sonrúidh sé na nithe seo a leanas sa tuarascáil—
  - (i) cineál an ghearáin,
  - (ii) an fhianaise a bhí os comhair an phainéil,
  - (iii) i gcás go ndéanfar fiosrúchán a chur i gcrích faoi fho-alt (7), na bearta atá sa ghealltanais nó sa toiliú,
  - (iv) i gcás go ndéanfaidh sé fionnachtain nó fionnachtana in aghaidh an mhúinteora chláráithe i leith gearán faoi aon cheann de mhíreanna (a) go (h) d’fho-alt (1) d’alt 42, fionnachtain nó fionnachtana an phainéil,
  - (v) i gcás go mbeidh aon fhionnachtain i leith an mhúinteora chláráithe i dtéarmaí alt 42(1)(g), an breithniú atá déanta aige i dtaobh an ndéanann an fhionnachtain sin difear d’fheidhmiúlacht an mhúinteora chláráithe chun múineadh, agus
  - (vi) aon ní eile is cuí leis an bpainéal i ndáil leis an múinteoir cláráithe,
- (c) i gcás gur deimhin leis, i leith gearán arna dhéanamh faoi fho-alt (1D) d’alt 42, ag féachaint do chosaint leanaí agus daoine soghonta, go bhfuil baol ann go bhféadfadh an múinteoir díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta, a chur faoi deara díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta, aon leanbh nó aon duine soghonta a chur i mbaol díobhála, féachaint le díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta, nó duine eile a ghríosú chun díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta, déanfaidh an painéal tuarascáil a thabhairt ar an bhfiosrúchán agus sonrúidh sé na nithe seo a leanas sa tuarascáil—
  - (i) cineál na faisnéise a nochtadh sa nochtadh grinmfhiosrúcháin ba chúis leis an ngearán faoin bhfo-alt sin,
  - (ii) an fhianaise a leagadh faoi bhráid an phainéil,
  - (iii) an mheasúnacht atá déanta aige ar an mbaol lena mbaineann, agus
  - (iv) an tátal a bhain sé as an mbaol sin,nó
- (d) i gcás nach deimhin leis, i leith gearán arna dhéanamh faoi fho-alt (1D) d’alt 42, ag féachaint do chosaint leanaí agus daoine soghonta, go bhfuil baol ann go bhféadfadh an múinteoir díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta, a chur faoi deara díobháil a

dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta, aon leanbh nó aon duine soghonta a chur i mbaol díobhála, féachaint le díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta, nó duine eile a ghríosú chun díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta, déanfaidh an painéal an gearán a dhíbhe.

(18) I gcás go ndéanfaidh an painéal gearán faoi fho-alt (17) a dhíbhe, déanfaidh an painéal, a luaithe is indéanta, an méid sin a chur in iúl trí fhógra i scríbhinn—

- (a) don ghearánach,
- (b) don mhúinteoir cláraithe lena mbaineann agus do cibé daoine eile a iarrfaidh an múinteoir, agus
- (c) i gcás an múinteoir a bheith fostaithe mar mhúinteoir, dá fhostóir nó dá fhostóir,

agus déanfaidh sé, ar iarraidh a bheith faighte ón múinteoir cláraithe lena mbaineann, fógra á rá sin a fhoilsiú i cibé foirm agus ar cibé modh a chinnfidh an Chomhairle.

(19) San alt seo, folaíonn ‘doiciméad’—

- (a) leabhar, taifead nó ábhar clóite eile,
- (b) grianghraf,
- (c) aon fhaisnéis arna stóráil, arna cothabháil nó arna caomhnú trí aon fheiste mheicniúil nó leictreonach, cibé acu atá nó nach bhfuil sí á stóráil, á cothabháil nó á caomhnú i bhfoirm inléite, agus
- (d) aon chlostaiheadadh nó aon fhístaiheadadh.”.

### **Faisnéis i nochtáí grinnfhiosrúcháin a úsáid i bhfiosrúchán faoi alt 43**

22. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 43:

#### **“Faisnéis i nochtáí grinnfhiosrúcháin a úsáid i bhfiosrúchán faoi alt 43**

**43A.** (1) Chun críoch fiosrúcháin faoi alt 43, féadfaidh painéal na nithe seo a leanas a bhreithniú—

- (a) an fhaisnéis (sa mhéid go mbaineann an fhaisnéis sin leis an iompar is ábhar don fhiosrúchán) atá i nochtadh grinnfhiosrúcháin a bheidh faighte ag an gCoiste Imscrúdúcháin faoi fho-alt (7A) d’alt 42 faoi réir fho-alt (7C) den alt sin ar an modh céanna ar a bhfuil feidhm ag fo-alt (7C) maidir leis an gCoiste Imscrúdúcháin, agus
  - (b) aighneachtaí (más ann) a dhéanfaidh an múinteoir cláraithe lena mbaineann faoi fho-alt (7A)(b) d’alt 42 chuig an gCoiste Imscrúdúcháin.
- (2) I gcás nár lorg an Coiste Imscrúdúcháin nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith múinteoir cláraithe faoi alt 42(7A) i ndáil le gearán agus go measfaidh painéal, maidir leis an ngearán arna tharchur ag an gCoiste Imscrúdúcháin

chuig an gCoiste Araíonachta faoi alt 42(9)(a), gur gearán de chineál é is cúis réasúnach le himní *bona fide* go bhféadfadh an múinteoir sin—

- (a) díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta,
- (b) a chur faoi deara díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta,
- (c) aon leanbh nó aon duine soghonta a chur i mbaol díobhála,
- (d) féachaint le díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta, nó
- (e) duine eile a ghríosú chun díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta,

féadfaidh an painéal a iarraidh ar an gComhairle iarratas a dhéanamh chuig an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin ar nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith an mhúinteora chláráithe sin.

- (3) I gcás go bhfaighidh painéal nochtadh grinnfhiosrúcháin faoi fho-alt (2) i leith múinteoir cláráithe, soláthróidh sé cóip den nochtadh don mhúinteoir cláráithe lena mbaineann agus tabharfaidh sé cuireadh don mhúinteoir sin aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig an bpainéal i ndáil leis an nochtadh laistigh de cibé tréimhse ama a shonrófar san fhógra.
- (4) Breithneoidh painéal aighneachtaí (más ann) a dhéanfaidh an múinteoir cláráithe lena mbaineann faoi fho-alt (3).
- (5) Faoi réir fho-alt (6), féadfaidh painéal, chun críoch a fhiosrúcháin, breithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá i nochtadh grinnfhiosrúcháin a bheidh faighte faoi fho-alt (2) sa mhéid go mbaineann an fhaisnéis leis an iompar is ábhar don ghearán.
- (6) I gcás go bhfuil faisnéis shonraithe i nochtadh grinnfhiosrúcháin a bheidh faighte ag an gComhairle faoi fho-alt (2) i leith múinteoir cláráithe agus go mbaineann an fhaisnéis shonraithe sin le hiompar an mhúinteora a tharla roimh theacht i ngníomh *d'alt 20 d'Acht 2015*, ní ceadmhach don phainéal an fhaisnéis sin a bhreithniú chun críocha fho-alt (5) mura rud é gur chion coiriúil a bheadh san iompar lena mbaineann an tráth a tharla an t-iompar.
- (7) Chun críoch fiosrúcháin faoi alt 43 i ndáil le gearán a dhéanfar faoi fho-alt (1D) d'alt 42, féadfaidh painéal na nithe seo a leanas a bhreithniú—
  - (a) an fhaisnéis atá i nochtadh grinnfhiosrúcháin dá dtagraítear san fho-alt sin sa mhéid gur foras don ghearán an fhaisnéis faoin bhfo-alt sin agus de réir an fho-ailt sin, agus
  - (b) aighneachtaí (más ann) a dhéanfaidh an múinteoir cláráithe lena mbaineann faoi fho-alt (7)(a)(ii) d'alt 42 sa mhéid go mbaineann na haighneachtaí leis an nochtadh grinnfhiosrúcháin sin.
- (8) Chun críoch fiosrúcháin faoi alt 43 i ndáil le gearán a dhéanfar faoi fho-alt (1)(g) lena mbaineann fo-alt (1E), féadfaidh painéal na nithe seo a leanas a bhreithniú—

- (a) an fhaisnéis atá i nochtadh grinnfhiosrúcháin dá dtagraítear i bhfo-alt (1E) sa mhéid gur foras don ghearán an fhaisnéis faoi fho-alt (1)(g), agus
- (b) aighneachtaí (más ann) a dhéanfaidh an múinteoir cláraithe lena mbaineann faoi fho-alt (7)(a)(ii) d'alt 42 sa mhéid go mbaineann na haighneachtaí leis an nochtadh grinnfhiosrúcháin sin.”.

**Cionta - fiosrúchán painéil**

23. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 43A (arna chur isteach le *halt 22*):

**“Cionta - fiosrúchán painéil**

**43B.** (1) Beidh cion déanta ag duine más rud é—

- (a) ar é nó í a thoghairm chun freastal os comhair painéil chun críche fiosrúcháin faoi alt 43, go mainneoidh sé nó sí freastal,
  - (b) agus é nó í i láthair mar fhinné os comhair painéil faoi alt 43, go ndiúltóidh sé nó sí—
    - (i) mionn a ghlacadh a cheanglóidh an painéal air nó uirthi go dleathach a ghlacadh,
    - (ii) aon doiciméad a thabhairt ar aird atá ina chumhacht nó ina cumhacht nó faoina urláimh nó faoina hurláimh agus a cheanglóidh an painéal air nó uirthi go dleathach a thabhairt ar aird, nó
    - (iii) aon cheist a fhreagairt a cheanglóidh an painéal air nó uirthi go dleathach a fhreagairt,
 nó
  - (c) agus é nó í i láthair os comhair painéil, go ndéanfaidh sé nó sí aon ní ar dhíspeagadh cúirte é dá mba chúirt dlí an painéal agus an chumhacht aici duine a chimiú mar gheall ar dhíspeagadh.
- (2) Aon duine a dhéanfaidh cion faoi fho-alt (1), dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme C a chur air nó uirthi.”.

**Gearán a tharraingt siar**

24. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 43B (arna chur isteach le *halt 23*):

**“Gearán a tharraingt siar**

**43C.** I gcás go ndéanfaidh an gearánach gearán a tharraingt siar—

- (a) le linn don Choiste Imscrúdúcháin é a bhreithniú, féadfaidh an Coiste, le comhaontú na Comhairle—
  - (i) cinneadh a dhéanamh nach ndéanfar aon ghníomh breise i ndáil leis an ní is ábhar don ghearán, nó

- (ii) leanúint ar aghaidh amhail is nár tarraingíodh siar an gearán,  
nó
- (b) le linn do phainéal é a bhreithniú, féadfaidh an painéal, le comhaontú na Comhairle—
  - (i) cinneadh a dhéanamh nach ndéanfar aon ghníomh breise i ndáil leis an ní is ábhar don ghearán, nó
  - (ii) leanúint ar aghaidh amhail is nár tarraingíodh siar an gearán.”.

### Leasú ar alt 44 den Phríomh-Acht

#### 25. Leasaítear alt 44 den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Faoi réir fho-alt (1A), féadfaidh an painéal, tar éis dó a thuarascáil faoi mhír (b) nó faoi mhír (c) (de réir mar a bheidh) d’fho-alt (17) d’alt 43 a chur i gcrích, cinneadh a dhéanamh—

- (a) go mbainfear an múinteoir cláraithe den chlár agus nach mbeidh sé nó sí incháilithe chun iarratas a dhéanamh lena chur nó lena cur ar ais ar an gclár faoi alt 31 roimh dhul in éag do cibé tréimhse, dar tosach an dáta a bhainfear den chlár é nó í, a shonróidh an painéal sa chinneadh,
- (b) go ndéanfar an múinteoir cláraithe a fhionraí ón gclár ar feadh na tréimhse a shonróidh an painéal, ar tréimhse í nach faide ná 2 bhliain,
- (c) go gcoimeádfar an múinteoir cláraithe ar an gclár faoi réir gach coinníll nó aon choinníoll díobh seo a leanas:
  - (i) go ndéanfaidh an múinteoir cúnaimh a lorg ó cibé seirbhís, a bhaineann le sláinte agus leas múinteoirí, a bheidh ar fáil;
  - (ii) go bhfreastalóidh an múinteoir ar chúrsa sonraithe forbartha gairmiúla, nó ar cibé cúrsa eile a mheasfaidh an painéal is cuí;
  - (iii) an tréimhse ar lena linn a chomhlíonfaidh an múinteoir na coinníollacha a ghabhann le hé nó le hí a choimeád ar an gclár;
  - (iv) cibé coinníollacha eile is cuí leis an bpainéal,
- (d) comhairle nó rabhadh a thabhairt don mhúinteoir cláraithe, nó é nó í a cháineadh, i scríbhinn.”,

- (b) tríd an bhfo-alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) I gcás go mbeidh sa tuarascáil dá dtagraítear i bhfo-alt (1) na bearta a bheidh ar áireamh i dtoiliú nó i ngealltanais de réir alt 43(17)(b)(iii), ansin déanfaidh an painéal cinneadh na bearta sin a dhaingniú.”,

- (c) i bhfo-alt (2)—

- (i) trí “Déanfaidh an Coiste Araíonachta” a chur in ionad “Déanfaidh an Stiúrthóir”, agus

- (ii) i mír (a), trí “don ghearánach” a chur in ionad “don iarratasóir”,
- (d) i bhfo-alt (3)—
- (i) trí “Féadfaidh múinteoir cláraithe, laistigh de 21 lá ó dháta seirbheála fógra faoi fho-alt (2), iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun an cinneadh (seachas cinneadh comhairle nó rabhadh a thabhairt dó nó di, nó é nó í a cháineadh faoi fho-alt (1)(d) nó cinneadh faoi fho-alt (1A)) a neamhniú” a chur in ionad “Féadfaidh múinteoir cláraithe, laistigh de 21 lá ó dháta seirbheála fógra faoi fho-alt (2), iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun an cinneadh a neamhniú”, agus
- (ii) i mír (c), trí “an cinneadh” a chur in ionad “cinneadh an Choiste Araíonachta”,
- (e) i bhfo-alt (5), trí “I gcás nach ndéanfaidh múinteoir cláraithe iarratas chuig an Ard-Chúirt faoi fho-alt (3) chun an cinneadh (seachas cinneadh comhairle nó rabhadh a thabhairt dó nó di, nó é nó í a cháineadh, faoi fho-alt (1)(d) nó cinneadh faoi fho-alt (1A)) a neamhniú” a chur in ionad “I gcás nach ndéanfaidh múinteoir cláraithe iarratas chuig an Ard-Chúirt faoi fho-alt (3) ar neamhniú an chinnidh”,
- (f) i bhfo-alt (6), trí “ón gCúirt Achomhairc” a chur in ionad “ón gCúirt Uachtarach” agus “chun na Cúirte Achomhairc” a chur in ionad “chun na Cúirte Uachtaraí”,
- (g) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):
- “(6A) Más rud é—
- (a) gurb é an toradh atá ar bhreith na hArd-Chúirte ar iarratas faoin alt seo múinteoir cláraithe a bhaint den chlár nó clárú múinteora a fhionraí,
- (b) go ndéanfaidh an Ard-Chúirt nó an Chúirt Achomhairc cead a dheonú do mhúinteoir faoi fho-alt (6) achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc i gcoinne breith ón Ard-Chúirt ar cheist shonraithe dlí,
- (c) go bhfuil an múinteoir fostaithe mar mhúinteoir i scoil aitheanta an dáta a dheonófar an cead, agus
- (d) go bhfuil luach saothair á thabhairt don mhúinteoir sin i leith a fhostaíochta nó a fostaíochta as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas,
- déanfaidh an Ard-Chúirt nó an Chúirt Achomhairc, de réir mar a bheidh, an tráth céanna a dheonóidh sí an cead achomhairc sin, treorú a thabhairt i dtaobh an leanfar de luach saothair a thabhairt don mhúinteoir sin de bhun a chonartha fostaíochta nó a conartha fostaíochta as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas go dtí go gcinnfear an t-achomharc sin.
- (6B) Maidir le treorú ón Ard-Chúirt nó ón gCúirt Achomhairc faoi fho-alt (6A) go leanfar de luach saothair a thabhairt do mhúinteoir, is faoi réir cibé téarmaí agus go ceann cibé tréimhse a mheasfaidh an Ard-Chúirt nó an Chúirt Achomhairc is cuí a bheidh sé.”,

agus

- (h) i bhfo-alt (7)—

- (i) trí “ón gCúirt Achomhairc” a chur in ionad “ón gCúirt Uachtarach”, agus
- (ii) trí “don ghearánach” a chur in ionad “don iarratasóir”.

#### Leasú ar alt 45 den Phríomh-Acht

26. Leasaítear alt 45 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) I gcás nach ndéanfaidh duine aon choinníoll arna fhorchur ar an duine faoi alt 44(3)(b)(iii) a chomhlíonadh, déanfar é nó í a bhaint den chlár.”.

#### Fógra a thabhairt don Aire, don fhostóir agus do chomhlacht eile i dtaobh nithe áirithe a bhaineann le smachtbhannaí

27. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 46:

#### “Fógra a thabhairt don Aire, don fhostóir agus do chomhlacht eile i dtaobh nithe áirithe a bhaineann le smachtbhannaí

46A. (1) I gcás go dtiocfaidh sé ar aird na Comhairle go ndearnadh, faoi dhlí stáit seachas an Stát, cinneadh a fhreagraíonn do chinneadh dá dtagraítear in aon cheann de mhíreanna (a) go (d) d’alt 44(1), i ndáil le múinteoir cláraithe, déanfaidh an Chomhairle, a luaithe is indéanta, fógra i scríbhinn a thabhairt don Aire agus i gcás go bhfuil an múinteoir cláraithe fostaithe mar mhúinteoir, dá fhostóir nó dá fostóir (más eol), i dtaobh an chinnidh.

(2) Más rud é—

- (a) go mbeidh éifeacht leis an gcinneadh faoin gCuid seo i ndáil le múinteoir cláraithe chun an múinteoir a bhaint den chlár, an múinteoir a fhionraí ón gclár, an múinteoir a choimeád ar an gclár faoi réir coinníollacha nó comhairle nó rabhadh a thabhairt don mhúinteoir, nó é nó í a cháineadh, agus
- (b) go bhfuil cúis ag an gComhairle lena chreidiúint—
  - (i) go bhfuil an múinteoir cláraithe i ndlínse eile, agus
  - (ii) go bhféadfadh sé nár tháinig an cinneadh dá dtagraítear i mír (a) ar aird comhlachta atá údaraithe go cuí chun feidhmeanna a chomhlíonadh sa dlínse sin a fhreagraíonn d’fheidhmeanna na Comhairle,

tabharfaidh an Chomhairle fógra i scríbhinn don chomhlacht i dtaobh an chinnidh dá dtagraítear i mír (a).”.

#### Faisnéis a fhéadfaidh an Chomhairle a fhoilsiú ar mhaithe le leas an phobail

28. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 46A (arna chur isteach le *halt* 27):

#### “Faisnéis a fhéadfaidh an Chomhairle a fhoilsiú ar mhaithe le leas an phobail

46B. Déanfaidh an Chomhairle, más deimhin léi gur ar mhaithe le leas an phobail déanamh amhlaidh—



- (a) é a chur in iúl don phobal—
- (i) aon uair a bheidh éifeacht le cinneadh faoin gCuid seo i ndáil le múinteoir cláraithe chun an múinteoir a bhaint den chlár, an múinteoir a fhionraí ón gclár, an múinteoir a choimeád ar an gclár faoi réir coinníollacha nó comhairle nó rabhadh a thabhairt don mhúinteoir, nó é nó í a cháineadh, nó
  - (ii) aon uair a thiofadh cinneadh dá dtagraítear in alt 46A(1) ar aird na Comhairle,
- agus
- (b) tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Araíonachta, na nithe seo a leanas a fhoilsiú (i dteannta nó d'éagmais aon fhaisnéis trína bhféadfaí aon pháirtí i bhfiosrúchán a chéannú)—
- (i) fionnachtana painéil faoi alt 43(17)(b), agus
  - (ii) cinneadh painéil faoi alt 44(1).”.

#### **Leasú ar alt 47 den Phríomh-Acht**

29. Leasaítear alt 47 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Más rud é—

- (a) go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú eatramhach nó idirbhreitheach faoi fho-alt (3) go ndéanfar clárú múinteora a fhionraí,
- (b) go bhfuil an múinteoir fostaithe mar mhúinteoir i scoil aitheanta an dáta a dhéanfar an t-ordú, agus
- (c) go bhfuil luach saothair á thabhairt don mhúinteoir sin i leith a fhostaíochta nó a fostaíochta as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas,

áireoidh an Ard-Chúirt san ordú treorú i dtaobh an leanfar de luach saothair a thabhairt don mhúinteoir sin de bhun a chonartha fostaíochta nó a conartha fostaíochta as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas.

- (3B) Maidir le treorú ón Ard-Chúirt faoi fho-alt (3A) go leanfar de luach saothair a thabhairt do mhúinteoir, is faoi réir cibé téarmaí agus go ceann cibé tréimhse (nach faide ná an tréimhse a bheidh sonraithe san ordú agus ar lena linn a bheidh an clárú ar fionraí) a mheasfaidh an Ard-Chúirt is cuí a bheidh sé.”.

#### **Leasú ar alt 60 den Phríomh-Acht**

30. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 60:

##### **“Fianaise áirithe a bheith neamh-inghlactha**

60. Aon ráiteas nó admháil a dhéanfaidh duine le painéal i ndáil le gearán arna dhéanamh faoi Chuid 5, ní bheidh sé nó sí inghlactha mar fhianaise in

imeachtaí a thionscnófar i gcoinne an duine mar gheall ar chion (seachas cion faoi alt 43B).”.

### **Leasú ar Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht**

**31.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an Sceideal seo a leanas a chur in ionad Sceideal 3:

#### “SCEIDEAL 3

Alt 43

#### PAINÉAL

1. D’ainneoin aon fholúntais i gcomhaltas an Choiste Araíonachta, féadfar painéal a cheapadh as measc chomhaltaí an Choiste sin.
2. Déanfar nósanna imeachta painéil a leagan síos, ó am go ham, i rialacha arna ndéanamh ag an gComhairle, le toiliú an Aire.
3. Déanfaidh an Coiste Araíonachta cathaoirleach painéil a cheapadh as measc chomhaltaí an phainéil.
4. Cuirfidh an Chomhairle ar fáil don phainéal cibé seirbhísí, lena n-áirítear foireann, a theastóidh ón bpainéal le réasún.”.

### **Leasú ar alt 24 den Acht Oideachais, 1998**

**32.** Leasaítear alt 24(7)(b) (arna leasú le halt 6 den Acht Oideachais (Leasú), 2012) den Acht Oideachais, 1998—

(a) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (i):

“(ia) a ndéanfar a chláru nó a clárú a athnuachan faoi alt 33 (arna leasú le *halt 14 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2015*) d’Acht 2001,”.

(b) i bhfomhír (iii)—

(i) trí “de réir ailt 32, 34, 35 nó 45 (arna leasú leis *an Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2015*)” a chur in ionad “de réir alt 34 nó 35”, agus

(ii) trí “d’Acht 2001,” a chur in ionad “d’Acht 2001, nó”,

(c) i bhfomhír (iv), trí “d’Acht 2001, nó” a chur in ionad “d’Acht 2001.”, agus

(d) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iv):

“(v) a bheidh arna bhaint nó arna baint den chlár nó arna fhionraí nó arna fionraí ón gclár faoi Chuid 5 d’Acht 2001.”.

### **Aisghairmeacha**

**33.** Aisghairtear alt 41 den Phríomh-Acht.

**Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme**

- 34.** (1) Féadfar an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2015 a ghairm den Acht seo.
- (2) Féadfar na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 go 2015 a ghairm de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 go 2012 agus den Acht seo, seachas *alt 32*, le chéile.
- (3) Féadfar na hAchtanna Oideachais, 1878 go 2015 a ghairm de na hAchtanna Oideachais, 1878 go 2012 agus *d'alt 32* le chéile.
- (4) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

---

BAILE ÁTHA CLIATH  
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR  
Le ceannach díreach ó  
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,  
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,  
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.  
Teil: 046 942 3100  
r-phost: [publications@opw.ie](mailto:publications@opw.ie)  
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN  
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE  
To be purchased from  
GOVERNMENT PUBLICATIONS,  
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,  
DUBLIN, D08 XAO6.  
Tel: 046 942 3100  
Email: [publications@opw.ie](mailto:publications@opw.ie)  
or through any bookseller.

€4.06

ISBN 978-1-4468-3153-3



9 781446 831533